C/2026/5762

29.10.2026

Fógra le haghaidh eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach faoi Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

(C/2026/5762)

Dírítear aird '5 Segond' (eintiteas Uimh. 1) a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an t-eintiteas thuasluaite a áireamh san **Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle** [3] **agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle** [4] **maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.**

Cuirtear in iúl don eintiteas sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann lena liostú atá beartaithe faoi Chinneadh (CBES) 2020/1999 agus Rialachán (AE) 2020/1998 a fháil roimh 5 Samhain 2026, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 307, 28.11.2022, lch. 135, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec/2022/2319/oj.
[2] IO L 307, 28.11.2022, lch. 17, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2022/2309/oj.
[3] IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec/2020/1999/oj.
[4] IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2020/1998/oj.